ddletb

Átha Cliath agus Dún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2019
Clár na nÁbhar

1)	Focal ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire	lch	2
2)	Réamhfhocal ó Phríomhfheidhmeannach BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire	lch	3
3)	Feidhm an Bhoird	lch	4
4)	Comhaltaí Bhord an BOO agus Choistí an Bhoird	lch	5
5)	Seirbhísí Eagraíochta	lch	7
6)	Achoimre Airgeadais	lch	7
7)	Príomheagraíochtaí a bhfuil caidreamh againn leo	lch	8
8)	Bunscoileanna	lch	9
	Iar-Bhunscoileanna	lch	10
9)	Breisoideachas agus Oiliúint	lch	12
10)	Seirbhísí Forbartha Óige agus Spórt	lch	16
11)	Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta	lch	20
12)	Aguisíní	lch	21
	A. An Fhoireann Ardbhainistíochta	lch	21
	Scoileanna agus Ionaid BOOÁCDL	lch	21
	Róil agus Seirbhísí Tacaíochta	lch	23
	B. Coistí an BOO	lch	23
	C. Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún	lch	23
	D. Glacadh agus comhlíonadh an Chóid Rialachais	lch	24
	E. Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	lch	24
	F. Dearbhú an Bhoird go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na ceanglais go léir is infheidhme agus á gcomhlíonadh	lch	24
13)	Giorrúcháin	lch	25

1. Focal ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Tugtar achoimre sa tuarascáil bhliantúil seo ar an soláthar sa limistéar agus ar an réimse leathan gníomhaíochta sna scoileanna, ionaid agus seirbhísí. Tá ár straitéis bunaithe ar chúig luach a chuireann beocht faoi obair na heagraíochta. Eadhon: Comhionannas, Gairmiúlacht, Ionracas, Comhoibriú agus Nuálaíocht. Tá gach ceann díobh fíorthábhachtach dúinn agus cabhraíonn siad i stiúradh na cinnteoireachta, go háirithe agus muid ag breathnú ar ár gcuid spriocanna. Baineann ár gcéad dá sprioc le cláir agus eispéiris ar ardchaighdeán a chur ar fáil don fhoghlaimeoir nó don dalta. Tacaíonn ár dara sraith spriocanna leo sin trí chomhoibriú agus cumarsáid éifeachtach a bhfuil forbairt eagraíochtúil agus forbairt foirne mar bhonn agus taca acu.

Tá a ndéanaimid dár gcuid daltaí, foghlaimeoirí agus cliant ina ghné lárnach dár gcuspóir agus rinneadh feabhsuithe soiléire le himeacht na bliana. Bhíomar sásta gur chomhlíonamar ár gceanglais reachtúla uile ina leith sin. Cuireadh ár mbord nua ar bun tar éis na dtoghchán áitiúil agus tháinig athrú suntasach ar ár mballraíocht mar thoradh. Cuireadh oiliúint ar chomhaltaí an bhoird, a chabhraigh leo a bheith chomh éifeachtaí agus ab fhéidir leo agus a gcuid freagrachtaí á gcomhlíonadh acu. Forbraíodh an bainistíocht riosca ionas go mbeadh an clár rioscaí ina uirlis chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus chun a chinntiú go mbeadh maolú riosca ina phríomhghníomhaíocht. Bíonn an clár tógála ina dhúshlán i gcónaí ach, déanta na fírinne, bhí sé ní ba dhúshlánaí ná riamh in 2019. Bhí cóiríocht shealadach ag teastáil go géar i gcuid mhaith scoileanna. Is oth liom a rá go raibh moill ar roinnt mórthionscadail tógála chomh maith. Bunaíodh dhá scoil: Scoil Náisiúnta Phobail Ghleann na hAbhann i Sord agus Scoil Speisialta Phobail Dhanu i bPáirc Hans, Baile Átha Cliath 15.

Léiríonn an tuarascáil raon an tionchair ar na seirbhísí a sholáthraíonn an bord go díreach agus trí na seirbhísí maoinithe lena dtacaíonn an bord. Ar an iomlán, cuireadh oideachas agus oiliúint ar fail do breis agus 20000 dalta i scoileanna agus breis agus 30000 rannpháirtí in oideachas agus oiliúint as an mbuiséad dar luach níos mó ná 200 milliún euro. Bhain 45000 duine óg eile tairbhe as seirbhísí óige a sholáthair Seirbhís Óige BOO, ar thacaigh sí leo agus a ndearna sí faireachán orthu.

An Clr. John Walsh
Cathaoirleach
BOOÁCDL

2. Réamhfhocal ó Phríomhfheidhmeannach BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Tuairiscítear sa Tuarascáil Bliantúil seo i gcomhair 2019 ar iarrachtaí dílse na mball foirne ar fud an BOO chun spriocanna agus tosaíochtaí ár Ráiteas Straitéise a chur i dtol a chéile. Fuair an Bord tuarascálacha i gcaitheamh na bliana faoin ngníomhaíocht i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí a thug sonraí faoin obair atá déanta ar mhaithe leis na spriocanna sin a bhaint amach. Tomhaiseann an BOO a dhul chun cinn maidir leis an gcéad sprioc agus an dara sprioc; Cláir Oideachais agus Oiliúna ar Ardchaighdeán agus Eispéireas ar Ardchaighdeán d'Fhoghlaimeoirí.

Ó thaobh Breisoideachas agus Oiliúint de in 2019, chuir BOOÁCDL oideachas agus oiliúint ar fáil do 30,686 foghlaimeoir. Rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar ár gComhaontú le SOLAS i mí na Samhna 2019 inar léiríodh go raibh dul chun cinn maith agus nuáil déanta ag BOOÁCDL. Tá spriocanna straitéise BOaO á gcomhlíonadh trí bhíthin obair tiomanta ár bhfoireann in BOaO. Is forbairt shuntasach é an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta a fhorbróidh córas Dearbhaithe Cáilíochta coiteann le haghaidh sheirbhísí BOaO uile BOOÁCDL, i gcomhréir le riachtanais QQI um athbhunú caidrimh. Rinne an tAonad Rialachais DC ábhartha sraith nósanna imeachta coiteanna a fhorbairt agus a fhaomhadh chun a chinntiú go gcuirfear na measúnuithe uile laistigh den earnáil BOO ar fáil ar cháilíocht dhearbhaithe agus go ndéanfar monatóireacht orthu ina leith. Leanadh le FGL, go háirithe i réimse na Meánbhainistíochta agus na Foghlama Digití, go gasta le linn 2019.

Tháinig méadú ar líon na ndaltaí i scoileanna arís. Tá 17855 dalta sna hiar-bhunscoileanna, atá scaipthe thar 29 scoil agus ceithre Ghaelcholáistí san áireamh. Tá 2955 dalta ag na Pobalscoileanna Náisiúnta i seacht mBunscoil, Dhá Scoil ina nAonaid Sainchúraim, Pobalscoil Náisiúnta Speisialta amháin, agus scoil amháin atá ina hIonad Coinneála do Leanaí. Tá obair ar siúl ar fud an líonra scoileanna chun tacaíocht ón BOO a áirithiú, agus ó na líonraí Príomhoidí, Leas-phríomhoidí, Oideachas Speisialta, DEIS, Treoirchomhairleoirí, Foghlaim Dhigiteach agus gníomhaíochtaí eile um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach. Tá ár mbunscoileanna agus ár n-iarbhunscoileanna ag dul in oiriúint do riachtanais na gcuraclam nua, Féinmheastóireacht Scoile, Cosaint agus Cumhdach Leanaí agus athruithe eile ar bhealach gairmiúil agus meáite. Leanann na Seirbhísí Óige de sheirbhísí a bhainistiú, a mhaoiniú agus tacú leo do 45,000 duine óg sna trí chontae seo a leanas - Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire/Ráth an Dúin. Osclaíodh ár bPobalscoileanna Náisiúnta i nGleann na hAbhann agus P.S.N. Speisialta Danú do dhaltaí in 2019 agus tá seirbhís den scoth á cur ar fáil acu anois do na leanaí iontu.

Is mór an onóir dom saothar iontach beagnach 4,000 ball foirne a fheiceáil ó lá go lá, daoine a leanann orthu ag obair le scoláirí, foghlaimeoirí agus cliaint ar bhealaí úrnua, nuálacha i gcónaí. Is mór againn tacaíocht an Bhoird agus muid ag obair chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do phobal an BOO seo.

Paddy Lavelle
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

3. Feidhmeanna Bhord BOO

Bíonn feidhmeanna an Bhoird ina bhfeidhmeanna feidhmiúcháin nó ina bhfeidhmeanna forchoimeádta. Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus is é an Bord a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeádta. Leagtar amach na feidhmeanna forchoimeádta in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus déantar achoimre orthu mar seo a leanas:

1. Iarratas chuig an Aire le haghaidh ainm lena bhféadfaidh an bord é féin a chur in iúl do dhaoine chun críocha oibríochtúla
2. Príomhfheidhmeannach a cheapadh
3. Príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí
4. Scoláireacht a chur ar bun
5. Tuairim a thabhairt maidir leis na daoine ar ghá don Phríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leo agus ráiteas straitéise á hullmhú aige.
6. Ráiteas straitéise a ghlacadh
7. Tuarascáil bhliantúil a ghlacadh
8. Bronntanais a ghlacadh nó bheith i d'iontaobhaí
9. Cinneadh chun údarú a thabhairt do chomhalta freastal ar chomhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht
10. Maidir le coiste BOaO
    (i) an Coiste a chur ar bun nó a dhíscaoileadh
    (ii) na téarmaí tagartha a chinneadh agus nósanna imeachta an Choiste a rialú
    (iii) comhalta den Choiste (agus an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh nó a chur as oifig, agus
    (iv) gníomh de chuid an Choiste a dhearbhú
11. Maidir le Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:
    (i) bunú na gcoistí sin
    (ii) comhalta ar na Coistí sin (agus an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh agus a chur as oifig, agus
    (iii) tuarascáil a fháil arna hullmhú ag gach ceann de na coistí sin agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomh (más ann dó) is ceart a ghlacadh mar gheall ar thorthaí na tuarascála sin;
12. Plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh
13. An chumhacht chun airgead a fháil ar iasacht
14. Cuntais a choimeád
15. Talamh, nó leas ar bith i dtalamh, a fháil, a choinneáil i seilbh agus a dhiúscairt, 53 Faoi réir na rialachán arna ndéanamh ag an Aire.

4. Comhaltaí Bhord an BOO agus Choistí an Bhoird
Freastal chomhaltaí BOOÁCDL ar chruinnithe in 2019

Comhalta	Comhlacht ainmnithe	Fad ama	Már	Aib	Lún	MF	DF	Samh
An Clr. Kazi Ahmed	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	√
An Clr. Michael Clark	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√		√
An Clr. Yvonne Collins	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	√
An Clr. Mick Duff (Cathaoirleach)	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Iúi	√	√	N/B	N/B	N/B	N/B
Ken Farrell	Comhdháil na gCeardchumann	Lún - Noll	N/B	N/B		√	√	√
Anne Genockey	AONTAS	Ean - Noll	√	√				√
Karen Gleeson	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Ean - Iúi			N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Pat Hand	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean - Iúi	√	√	N/B	N/B	N/B	N/B
Daneve Harris	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	√
Barry Hempenstall	Baill Foirne	Ean - Iúi	√		N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Peter Kavanagh	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	
An Clr. Pamela Kearns	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	√
Colm Kilgallon	AONTAS	Lún - Noll	N/B	N/B		√	√	
An Clr. Eithne Loftus	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Iúi	√	√	N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Grainne Maguire	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	√		√			
An Clr. Howard Mahony	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Iúi			N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Brigid Manton	Comhairle Contae Fhine Gall	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	
Claire Markey	Baill Foirne	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√
An Clr. Cora McCann	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Iúi			N/B	N/B	N/B	N/B
Gerard McCaul	Comhchoiste na mBainisteoirí	Ean - Iúi	√	√	N/B	N/B	N/B	N/B
Gerry McGuire	Chambers Ireland	Ean - Noll	√	√		√	√	√
An Clr. Conor McMahon	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Iúi			N/B	N/B	N/B	N/B
Paul McNally	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Ean - Noll		√	√	√		√
An Clr. Joe Newman	Comhairle Contae Fhine Gall	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	√
An Clr. Sorcha Nic Cormaic	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean - Iúi	√	√	N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Ed O'Brien	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lún - Noll	N/B	N/B	√		√	
An Clr. Roderic O'Gorman	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	√			√		√
Brendan O'Halloran	Baill Foirne	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√	√	√
An Clr. Liona O'Toole	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Iúi		√	N/B	N/B	N/B	N/B
Olive Phelan	ÁNLA	Ean - Iúi	√	√	N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Una Power	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Lún - Noll	N/B	N/B	√	√		
An Clr. Duncan Smith	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Iúi			N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. Ossian Smyth	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean - Iúi			N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. John Walsh (Leaschathaoirleach/Cathaoirleach)	Comhdháil na gCeardchumann/Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	√		√	√	√	√

Tinreamh Chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag cruinnithe in 2019

		Fad ama	18 Fea 19	10 Beal 19	10 Mei 19	16 Nol 19
Thomas Stone (Cathaoirleach Ean - Mei)	Comhalta seachtrach	Ean - Mei	√	√	√	N/B
Alan Connolly	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	√		√	√
Mary Troy	Comhalta seachtrach	Ean - Noll		√	√	
Gerry McGuire	Comhalta inmheánach	Ean - Mei	√	√		N/B
Pat Hand	Comhalta inmheánach	Ean - Mei				N/B
Gillian Doherty (Cathaoirleach MF - Noll)	Comhalta seachtrach	MF - Noll	N/B	N/B	N/B	
An Clr. Kazi Ahmed	Comhalta inmheánach	MF - Noll	N/B	N/B	N/B	√
An Clr. Joe Newman	Comhalta inmheánach	MF - Noll	N/B	N/B	N/B	√
Daneve Harris	Comhalta inmheánach	MF - Noll	N/B	N/B	N/B	√

Déanann an Bord maoirseacht leanúnach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí BOOÁCDL, na bearta maolaithe lena mbaineann agus dearbhuithe ar éifeachtacht na mbeart sin in 2019.

Déanann an Bord bainistíocht ar rioscaí don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Rinne an Bord an tasc de mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca a tharmligean don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord agus tugann sé dearcadh neamhspleách maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le Bainistíocht Riosca.

Tinreamh Chomhaltaí an Choiste Airgeadais ag cruinnithe in 2019

		Fad ama	27 Fea 19	13 Már 19	11 Sam 19	16 Nol 19
Gerry McGuire (Cathaoirleach)	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√
Catherine Doran	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	√		√	√
Catherine Bruen	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	√	√	√	
An Clr. Liona O'Toole	Comhalta inmheánach	Ean - Mei		√	N/B	N/B
Colm Kilgallon	Comhalta inmheánach	MF - Noll	N/B	N/B	√	√
Claire Markey	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√

5. Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

Leanann an snáithe TFE de BOOÁCDL air ag tacú leis an eagraíocht trí sheirbhísí a chur ar fáil sna réimsí feidhme Airgeadais, AD, TFC agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá baill foirne a bhfuil ardtaithí agus réimse leathan scileanna acu ag obair i ngach réimse. Tá an t-éileamh ar sheirbhísí tacaíochta ag méadú i gcónaí mar a fhásann an eagraíocht féin. Leanadh ar aghaidh leis an gclár feabhsuithe laistigh den snáithe OSD i rith 2019 agus bhí na nithe seo a leanas i gceist leis:

- Bhí BOOÁCDL mar an chéad BOO a d'aistrigh go dtí an réiteach párolla náisiúnta a ritheann an tSeirbhís Gnó um Thacaíocht Oideachais (SGTO), a cuireadh ar bun mar sheirbhís chomhroinnte don earnáil BOOnna, atá freagrach as párolla.
- Níor bogadh ar aghaidh le Maoiniú Seirbhíse Comhroinnte in 2019 ach rinneadh go leor oibre chun ullmhú don athrú
- Dul chun cinn suntasach i dtreo chomhlíonadh iomlán na rialachán soláthair
- Tacaíocht riaracháin agus theicniúil do mhórchlár tógála/caiptil an Bhoird
- Próiseas feabhsaithe earcaíochta atá níos éifeachtúla ó thaobh ama de
- Córas íocaíochta nua a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí
- An creat rialachais a fheabhsú
- Páirt a ghlacadh i réimse leathan líonraí earnála agus líonraí earnála poiblí

Tá BOOÁCDL fós tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar a chuid seirbhísí trí athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus córais ghnó atá ann cheana agus trí shainaithint a dhéanamh ar chinn nua.

6. Achoimre Airgeadais

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire á chistiú go príomha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) maidir lena bhunscoileanna agus a scoileanna dara leibhéil. Cuireann SOLAS agus DES cistiú ar fáil do chláir bhreisoideachais agus oiliúna. In 2019, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail áirithe ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile freisin, lena n-áirítear:

- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS)
- An Roinn Sláinte
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas
- An tÚdarás um Ard-Oideachas
- POBAL
- Léargas

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2019. Foilseoidh an BOOÁCDL na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Táillí neamh-thuarastail a íocadh maidir le comhaltaí an Choiste;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- Sochair iarfhostaíochta;
- Sochair foirceanta;
- Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta, más ann dóibh;
- Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €0 agus €59,999 acu;
- Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €60,000 agus €69,999 acu agus laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- An figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí.

7. Príomheagraíochtaí a bhfuil caidreamh againn leo

Le linn 2019, lean BOOÁCDL ag obair i dtreo a thosaíochtaí (Sprioc Straitéiseach 4.2) maidir le líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí leis na príomhpháirtithe leasmhara. I measc na bpáirtithe leasmhara tá comhlachtaí reachtúla agus poiblí, údaráis áitiúla agus daoine eile a chuireann oideachas agus oiliúint ar fáil, lena n-áirítear eagraíochtaí tathanta, grúpaí pobail, grúpaí neamhbhrabúis, grúpaí deonach agus grúpaí óige. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha ag BOOÁCDL le fostaithe agus líonraí fiontraíochta áitiúla chun tacú le cláir uasoiliúna agus athoiliúna agus chun iad a éascú don mhargadh saothair áitiúil/réigiúnach, lena n-áirítear tacaíochtaí d'fhostaithe printíseach.

Leis an obair a rinne na páirtithe leasmhara in 2019, áirítear tuairisciú chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), agus SOLAS, agus oibriú i gcomhar leo, ar fud na scoileanna agus clár agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna agus clár agus seirbhísí óige uile. Leanadh leis an gcomhaontú idirghníomhaireachta idir BOOÁCDL agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí in 2019, chun deiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine aonair nach bhfuil gníomhach sa mhargadh saothair.

Lean BOOÁCDL lena chuid oibre mar pháirtí leasmhar a rannchuidigh le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta limistéar riaracháin BOOÁCDL, is é sin Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas: Tá BOOÁCDL ina gcomhalta de Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) na dtrí chomhairle uile agus tacaíonn siad le hobair na gcomhpháirtíochtaí ceantair áitiúil trí oibriú idirghníomhaireachta áitiúil agus ballraíocht ar Bhord na gcuideachtaí forbartha áitiúla lena n-áirítear Empower, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

I measc na n-ionchur eile ó pháirtithe leasmhara BOOÁCDL in 2019 i dtaca le forbairtí in earnáil an oideachais agus na hoiliúna bhí ionadaíocht ar chomhlachtaí rialála Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, na hInstitiúide Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta i nDún Laoghaire agus comhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), go háirithe agus dámhachtainí nua á bhforbairt i réimse an chúraim leanaí.

In 2019, d'oibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i gcomhar le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear:

- Scoil Speisialta Beinin Casa
- An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Dún Droma
- Ceardlann Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire
- Tionscadal Deonach, Tamhlacht Thiar
- Grúpa Acmhainní Oideachais Fhine Gall
- Ceardlann Oiliúna Fhine Gall
- Paróiste an Lucht Taistil
- Ceardlann Oiliúna Pobail Bhaile Rónáin
- Scoil Speisialta Naomh Agaistín
- Ospidéal Naomh Íde, Port Reachrann
- Tionscadal Lucht Siúil Thamhlachta
- Tionscadal Tivoli, Dún Laoghaire
- Clár Tower, Co. Bhaile Átha Cliath
- Youth Horizons

8. Scoileanna

Bunscoil

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 6 Scoil Náisiúnta Phobail.

- Scoil Choilm, Baile an Phóirtearaigh
- Scoil Ghráinne, Baile Fiobail
- Scoil Chormaic, Baile Brigín
- P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard, Iarthar na Cathrach
- P.S.N. Aoife, Iarthar na Cathrach
- P.S.N. Leamhcáin, Leamhcán
- P.S.N. Ghleann na hAbhann, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
- P.S.N. an Mhóinéir Leathain, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
- P.S.S Danú, Cluain Aodha, Baile Átha Cliath 15

Tá ár gcuid scoileanna bunaithe i bpobail áitiúla, agus is bunscoileanna iad atá dírithe ar leanaí, atá cuimsitheach, ilchreidmheach agus a fhaigheann tacaíocht stáit. Soláthraíonn siad oideachas bunscoile ardchaighdeáin do gach leanbh de réir Churaclam na Bunscoile atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Glacadh 2995 dalta isteach sna scoileanna sa scoilbhliain 2019/2020.

Figiúirí Rollaithe i Scoileanna Náisiúnta Pobail, 2019/2020	
Scoil	**19/20**
Scoil Choilm	875
Scoil Chormaic	555
Scoil Ghráinne	660
Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard	414
Scoil Aoife	219
Leamhcán	224
An Móinéar Leathan – Sord Thuaidh	0
Gleann na hAbhann – Sord Theas	14
Scoil Speisialta Dhanu	24
An Chrannóg Nua	5
Baile Uí Dhúda	5
	2995

Baineann na Scoileanna Náisiúnta Pobail dár gcuid leas as bheith ina gcuid de BOOÁCDL tríd an líonra tacaíochta príomhoidí atá á eagrú ag Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna. Cabhraíonn idir an Rannóg Airgeadais, an Rannóg AD, an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannóg TFC leis na scoileanna náisiúnta pobail dár gcuid buntáiste a bhaint as bheith ina gcuid den BOO. Glacann na scoileanna ar fad

páirt i Líonra Pobalscoileanna Náisiúnta BOOÉ chomh maith, áit a gcabhraítear leo a bhféiniúlacht náisiúnta a fhorbairt. Is mór againn an tacaíocht a fhaighimid ó BOOÉ leis sin.

Iar-Bhunscoil

Lean an méadú ar líon na scoláirí i rith na scoilbhliana 2019 agus bhí 17,861 scoláire ag freastal ar ár Scoileanna Dara Leibhéil faoi dheireadh na bliana. Cuireadh dhá scoil dara leibhéal nua faoi phátrúnacht BOOÁCDL anuraidh chomh maith, ceann acu i gceantar Bhaile Bhlainséir agus ceann eile i gceantar Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard, rud a d'fhág go raibh 31 Choláiste Pobail Dara Leibhéil in iomlán faoina choimirce. Tá sé beartaithe go n-osclódh na scoileanna nua sin, Coláiste Pobail Ériú i mBaile Bhlainséir agus Coláiste Pobail Fóla in Iarthar na Cathrach & Teach Sagard, a gcuid doirse do dhaltaí in 2020.

Bhí 29 gColáiste Pobail Dara Leibhéal faoi choimirce BOOÁCDL in 2019, ceithre cinn acu atá ina ngaelcholáistí, lena gclúdaítear cuid mhaith de Bhaile Átha Cliath ó Bhaile Brigín go dtí Leamhcán, Tamhlacht agus Teach na Giúise. Tá na Coláistí Pobail sin ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil.

I measc na gclár atá á soláthar inár gColáistí Pobail tá –

- An tSraith Shóisearach/An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Cuireadh clár DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) á chur ar fáil i 10 gcinn dár gcuid scoileanna.

Bhí raon iomlán ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, á múineadh sa tsraith Shóisearach agus sa tsraith Shinsearach araon. Spreagadh scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht agus spórt.

D'fhonn na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fad agus an t-eispéireas oideachasúil is fearr is féidir a chinntiú dá scoláirí agus mic léinn, chuir BOOÁCDL tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna uile maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, Litearthacht agus Uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta, an clár um Múinteoirí agus Ceannaireacht, Béarla mar Theanga Bhreise, chomh maith le Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus dóibh siúd a bhfuil poist mheánbhainistíochta acu.

De bhreis ar an tacaíocht thuasluaite, cuireadh tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas trí oibriú ar bhonn leanúnach le Boird Bhainistíochta agus foirne bainistíochta scoile, agus oiliúint a chur orthu.

Bunaíodh Bord nua le haghaidh BOOÁCDL agus cuireadh Boird Bhainistíochta nua ar bun i Scoileanna uile BOOÁCDL mar thoradh.

Figiúirí Rollaithe in Iar-Bhunscoileanna, 2019/2020		
Scoileanna:	2ú Leibhéal	IAT iarbhír
C.P. Bhaile Adaim	911	
C.P. Ard Giolláin	953	
C.P. Bhaile Brigín	516	
C.P. Chaisleán Cnucha	1162	
Coláiste Chillian	415	
Coláiste Cois Life	807	
Coláiste de hÍde	299	
Coláiste Pobail Setanta	1053	
C.P. Pháirc Bhaile Choilín	569	54
C.P. Ráth an Deagánaigh	296	57
C.P. Dhomhnach Bat	762	
C.P. Fhine Gall	854	
C.P. Theach na Giúise	809	
Gaelcholáiste Reachrann	443	
C.P. na Gráinsí	280	59
Coláiste na nGlaschnoc	137	275
C.P. an Ghrífín	138	
C.P. Choill an Rí	522	
An Chiseog	839	
C.P. Leamhcáin	922	
C.P. Lusca	685	
C.P. Bhaile Lotrail	893	
C.P. Mhóin Seiscinn	325	
C.P. Ghleanntán na hAbhann	252	
C.P. na Sceirí	974	
C.P. Fhinnéin	647	
C.P. Chaoimhín	373	
C.P. Shoird	166	
C.P. Mhic Dhara	853	
Iomlán	17861	445

9. Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO)

Déanann earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) BOOÁCDL foráil do chúrsaí agus cláir a sholáthar do raon leathan foghlaimeoirí, lena gcuimsítear foghlaim ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil. Bíonn raon éagsúil daoine ina bhfoghlaimeoirí BOaO, idir aosaigh óga agus daoine a d'fhág an scoil agus daoine breacaosta a fhilleann ar an oideachas agus oiliúint, daoine de gach aois agus ag gach céim dá mbeathaí. Bíonn ár bhfoghlaimeoirí ag croílár gach rud a dhéanaimid agus d'fhan sé ina tosaíocht dúinn díriú ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán in 2019.

Cuirtear BOaO ar fáil trí chúrsaí oiliúna agus tacaíochtaí agus cláir oideachais chun riachtanais agus leasanna daoine aonair, teaghlach, pobal, fostóirí, an gheilleagair agus na sochaí níos leithne a chomhlíonadh. Cuireann ár nIonaid Oiliúna deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna ar fáil do chuardaitheoirí poist, printísigh, fostaithe agus fiontraithe a chomhlíonann riachtanais scileanna fostaithe, fiontair agus an gheilleagair níos leithne. Tairgimid cáilíochtaí gairmiúla agus ceirde trínár gcuid Coláistí, lena dtugtar bealach isteach chuig a rogha gairme d'fhoghlaimeoirí, mar aon le rochtain ar ardoideachas. Tá na cláir agus tacaíochtaí oideachais atá dírithe ar dhaoine aonair agus ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais, eacnamaíoch agus sóisialta arna gcur ar fáil ag Seirbhísí Oideachais Aosaigh, Seirbhísí Oiliúna Pobail agus Ógtheagmháil chomh tábhachtach céanna.

Bhain 30,686 foghlaimeoir san iomlán leas as bheith páirteach i gcúrsa BOaO in 2019. Tugtar miondealú ar líon na bhfoghlaimeoirí inár bhforáil BOaO in 2019 i dTábla 1. Ina theannta sin, ghlac 4,472 foghlaimeoirí eile páirt i gcúrsaí tráthnóna féinmhaoinithe inár n-áitribh agus ár n-ionaid BOaO.

Tábla 1: Soláthar Iarbhír BOaO in 2019

Cineál Soláthair		Líon na bhfoghlaimeoirí a chríochnaigh in 2019
Soláthar lánaimseartha		
	Printíseacht 2016+	88
	Oiliúint Phrintíseachta	1,434
	Oiliúint Nasctha	391
	Oiliúint Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí	156
	Ionaid Oiliúna Phobail	268
	Ceardlann um Cheartas	49
	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	271
	IAT	5,048
	IAT roimh Phrintíseacht	28
	Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	373
	Oiliúint i Scileanna Sonracha	1,736
	Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe	632
	Cúrsaí Oiliúna	807
	Bunchúrsaí SDOG	375
	Ógtheagmháil	631
	IOMLÁN LÁNAIMSEARTHA	**12,287**
Soláthar páirtaimseartha		
	Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1,969
	Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas	3,018
	BCTE	3,604
	Oiliúint Tráthnóna	2,853
	Uaireanta Comhair BOaO	350
	DTOBA	402
	Maoiniú Eile	
	Aitheantas Réamhfhoghlama	12
	Scileanna Oibre	387
	Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh	605
	IOMLÁN PÁIRTAIMSEARTHA	**13,200**
Braitheann sé seo	Oideachas Pobail	5,199
LÍON NA bhFOGHLAIMEOIRÍ IN 2019		**30,686**

Tháinig méadú ar líon iomlán na bhfoghlaimeoirí in 2019 i gcomparáid le 2018. Baineadh an méadú sin amach trí líon na n-áiteanna do phrintíseacht ceirde a mhéadú agus trí phrintíseachtaí nua 2016+ a rolladh amach. Tháinig méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí i gColáistí IAT chomh maith, tar éis an athbhreithnithe ar an gclár IAT náisiúnta agus chur i bhfeidhm áitiúil na moltaí beartais. Bhí méadú suntasach le feiceáil sa chlár Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) freisin, lena léirítear na forbairtí curaclaim i gcláir agus cúrsaí BCTE agus an t-éileamh ar áiteanna BCTE i gceantair inar tháinig fás mór faoin daonra. Trí bhíthin na gclár nua Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh lena dtugtar deis d'fhostaithe uasoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh forbraíodh comhpháirtíochtaí rathúla agus comhar le fostóirí áitiúla, agus glacadh líon mór foghlaimeoirí isteach sa chlár seo mar thoradh.

I measc na n-éachtaí eile i soláthar BOaO BOOÁCDL le linn 2019 osclaíodh Acadamh Sonraí nua Microsoft i gColáiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín, a fhreastalaíonn ar cheantair na Ceapaí Móire agus na Rualaí ina bhfuil leibhéal ard dífhostaíochta. Is forbairt shuntasach é sin d'earnáil BOaO BOOÁCDL ós rud é gurb é an chéad Acadamh Ionaid Sonraí de chuid Microsoft san Eoraip, a chuireann deis ar fáil d'fhoghlaimeoirí teicneolaíochtaí nua a fhoghlaim i bhfíorchomhthéacs na réimse atá fós ag fás, i gcomhpháirtíocht le cuideachta aitheanta atá ar thús cadhnaíochta in earnáil na Teicneolaíochta Faisnéise. Tá ceantair ard-dífhostaíochta eile i limistéar geografach BOOÁCDL; cuireadh clár nua ar fáil i mBaile an Tirialaigh, lena ndearna ár Seirbhís Oideachais Aosaigh clár ardtacaíochta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Bhain na hiarratais tairisceana rathúla ar mhaoiniú chuig SOLAS maidir leis an dá chlár leas as acmhainní breise chun na cúrsaí nua sin a chur ar fáil.

Bronnadh a ndámhachtainí ar na chéad fhoghlaimeoirí a bhain cáilíochtaí amach trí aitheantas réamhfhoghlama (ARF) in 2019. Tugadh an tionscadal TOBAR air sin, a bhí ina thionscnamh náisiúnta idir Óglaigh na hÉireann agus BOOnna do phearsanra ar seirbhís chun scileanna oibre sainiúla agus taithí ar an saol a aithint agus iad a bhailíochtú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, i gcomhpháirtíocht le QQI. Ba é Aerchór na hÉireann an brainse d'Óglaigh na hÉireann a bhí suite laistigh de scoilcheantar BOOÁCDL agus ba é an eagraíocht chomhpháirtíochta don tionscadal seo, an chéad chlár ARF a chuir BOOÁCDL ar fáil riamh.

Tar éis an Chomhaontaithe Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS in 2018, tionóladh cruinniú athbhreithnithe rathúil le SOLAS i bhfómhar 2019, chun breithmheas a thabhairt ar an dul chun cinn go dtí seo maidir leis na spriocanna réamhshocraithe a bhaint amach thar na tréimhse trí bliana go dtí deireadh 2020. Tugadh fianaise leis an athbhreithniú sin ar an dul chun cinn suntasach agus nuálaíocht a rinne BOOÁCDL. Tionóladh sraith cruinnithe líonra réigiúnaigh de bhainisteoirí BOaO le linn 2019 chun cabhrú leis an bpleanáil i ndáil le gníomhartha oibríochtúla agus straitéiseacha agus chun bonn eolais agus bonn taca a chur faoi chur chuige comhtháite maidir le hathbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar ár soláthar BOaO agus ar thiomantas BOOÁCDL d'fheabhsuithe leanúnacha a chur ar BOaO.

D'fhan cáilíocht, dearbhú cáilíochta agus nuálaíocht ina bpríomhghnéithe den soláthar BOaO uile in 2019: cuireadh an comhaontú nua um Dhearbhú Cáilíochta a rinneadh le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) chun feidhme i mbliana. Bhuail an Coiste Faofa Cúrsaí, a bunaíodh le déanaí, go rialta i gcaitheamh 2019 chun a chinntiú gur chomhlíon cúrsaí agus cláir nua na riachtanais dearbhaithe cáilíochta chun deimhniú a fháil, agus go raibh an cháilíocht agus an nuálaíocht comhleanúnach laistigh d'aidhmeanna an phlean straitéisigh um breisoideachas agus oiliúint. Rinneadh líon mór dámhachtainí nua agus modúil nua a fhaomhadh lena soláthar laistigh de BOOÁCDL in earnálacha tionscail atá ag fás nó ag teacht chun cinn.

Mar fhorbairt eile a bhí dírithe ar cháilíocht, chomhaontaigh BOOÁCDL le QQI go mbeadh sé ina bhord oideachais agus oiliúna cinn agus na dámhachtainí nua um Luathfhoghlaim agus Cúram (ECCE) ar leibhéil 5 & 6 don earnáil BOaO á bhforbairt. Is freagracht shuntasach é sin agus cuirfidh sé go mór le forbairtí náisiúnta i ndáil leis an earnáil cúram leanaí. D'éirigh le BOOÁCDL comhaontú foirmiúil tosaigh a bhaint amach chomh maith go dtabharfaidh Institiúid Chairte na dTeicneolaithe Ailtireachta (CIAT) sa Ríocht Aontaithe aitheantas dár Sainteastas i nDearadh agus Teicneolaíocht Ailtireachta (Leibhéal 6), atá á chur ar fáil ag Institiúid Breisoideachais Dhún Laoghaire (IBDL), rud a chuirfidh ar chumas ár gcéimithe clárú do bhallraíocht CIAT.

Le linn 2019, rinneadh na tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí a chuirtear ar fáil tríd an tSeirbhís Treorach um Oideachas Aosach i bhFine Gall Thuaidh a mhéadú chun freastal ar dhaonra atá ag dul i méid go gasta. Is é sin an chéad chéim chun an soláthar BOaO sa réimse sin a leathnú d'fhonn riachtanais daonra óg, éagsúil atá fós ag fás a chomhlíonadh.

Lean an earnáil BOaO lena plean um fhorbairt ghairmiúil don fhoireann in 2019 trí dheiseanna CDP a sholáthar i bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta (FCT), mar aon le clár saincheaptha um Fhorbairt Ceannaireachta do bhainisteoirí BOaO.

Rinneamar comhdháil ar Bhreatimeacht a óstáil in 2019, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) chun líonrú agus malartú faisnéise a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus chun dul i gcomhairle leo, go háirithe baill foirne BOOÁCDL, maidir le tionchar dóchúil Bhreatimeachta i réigiún Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail líon mór daoine ar an gcomhdháil agus cruthaíodh bonn eolais le haghaidh phlean teagmhasach BOOÁCDL maidir le Breatimeacht.

10. An tSeirbhís Forbartha Óige agus Spórt

Réamhrá

Cuireann Seirbhís Forbartha Óige agus Spórt BOOÁCDL raon leathan tacaí ar fáil lenar féidir soláthar agus comhordú a dhéanamh ar chláir, tionscadail agus seirbhísí ardchaighdeáin oideachais, spóirt, áineasa agus forbartha do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad an Comhionannas, an Comhar, an Nuálaíocht, an Ghairmiúlacht agus an tIonracas ár dtreoirphrionsabail oibríochtúla maidir leis na seirbhísí a sholáthraímid. Déantar an méid sin i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí óige deonacha ar nós Crosscare, Foróige agus YMCA.

Scóip:

Cuirtear na cláir ar fáil de réir na 5 Thoradh Náisiúnta atá sonraithe sa cháipéis *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* (Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020)

Na 5 Thoradh Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga



Bearta Samplacha:

Tacaíonn thart ar 40,000 duine óg, 1850 oibrí deonach agus 190 ball foirne le cur chun feidhme na gClár Oibre don Ógra ar fud limistéar riaracháin BOOÁCDL.

Samplaí dá bhfuil Bainte Amach

- **Clár Foghlama Malartach (CFM)**

  Is clár oideachais eatramhach é an Clár Foghlama Malartach (CFM) a d'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire toisc gur aithníodh nach raibh mórán deiseanna ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachas foirmiúil faoi láthair. Ritear CFM thar sheachtain trí lá faoi láthair, i gcomhréir leis an mbliain acadúil agus bíonn sé bunaithe i mBaile Brigín, Sord, Cluain Dolcáin, Tamhlacht agus Dún Laoghaire. Cuireann meascán d'Oibrithe Óige arna gcur ar fáil ag Foróige agus Crosscare agus teagascóirí BOO an clár CFM ar fáil. Cothaíonn CFM timpeallacht ina moltar cóimheas, spreagadh, cuimsiú agus freagracht phearsanta. Dearadh é chun dúshlán a chur faoi dhaoine óga agus chun iad a chumasú le héachtaí féinstiúrtha agus torthaí dearfacha. Ghlac 68 duine óg páirt sa chlár in 2019.

Suíomh	An líon iomlán a atreoraíodh chugainn	Líon iomlán na rannpháirtithe
Baile Brigín	16	13

Sord	16	13
Cluain Dolcáin	8	5
Tamhlacht	23	13
Dún Laoghaire	28	24

Clár Oibre Óige BOOÁCDL

- **Grúpa Cailíní Mhic Uilliam**
  Cuireadh tús le Cailíní Mhic Uilliam i mí an Mheithimh 2018 agus tá 11 bhall baineann ann, idir 10-12 bhliain d'aois, ó eastát tithíochta Mhic Uilliam. Cuireadh an grúpa ar bun ar dtús mar aitheantas ar an easpa seirbhísí sa cheantar. Chuathas i dteagmháil leis na cailíní trí sheirbhís ógtheagmhála a chuir Oibrithe Óige de chuid BOOÁCDL ar fáil in eastáit tithíochta Mhic Uilliam i mí an Mheithimh 2018. Tá go leor fadhbanna cosúil le luathfhágáil na scoile, coireacht, drugaí agus idirdhealú ciníoch i gceist mórthimpeall eastát tithíochta Mhic Uilliam. Cuireann an grúpa seo áit shlán ar fáil ar féidir leis na cailíní dul ann gach seachtain chun éalú ó na fadhbanna sin. Buaileann Cailíní Mhic Uilliam go seachtainiúil agus déantar foráil dóibh le linn meántéarma agus le linn an tsamhraidh chomh maith, i gcomhairle leis na daoine óga féin.

- **Conradh Sráideanna Mhic Uilliam**
  Cuireadh Conradh Sráideanna Mhic Uilliam ar bun chun feasach a ardú ar na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine óga ó eastát tithíochta Mhic Uilliam. Reáchtáladh an Conradh i gcomhpháirtíocht le BOOÁCDL, Cumann Peile na hÉireann, Barnado's, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus na Gardaí Pobail áitiúla. Bhí an conradh ar siúl thar 6 seachtaine agus díríodh ar bhreis agus 90 duine óg idir 5-17 mbliana d'aois i rith an chonartha.

- **Éaluithe**
  Thug Oibrithe Óige BOOÁCDL tacaíocht do Sheirbhís Óige Thamhlachta, Foróige, i rith mhíonna an tsamhraidh. Cumhdaíodh na ceantair seo a leanas - Cill an Ardáin, Gort an tSrutháin, Fothair Chardain, Coillte Leamháin, Teach na Giúise, Coill Tobair agus an Seanbhábhún. D'fhreastail thart ar 140 duine óg idir 10-16 bliana d'aois ó na ceantair sin ar na héaluithe.

- **Clár Meantóireachta Sportivate**
  Bhuail Oibrithe Óige BOOÁCDL le rannpháirtithe Sportivate ar bhonn seachtainiúil agus tugadh an deis do gach rannpháirtí aon réimsí ina bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth orthu a phlé. Réimsí cosúil le litearthacht, saincheisteanna pearsanta nó saincheisteanna a bhaineann le rannpháirtithe eile. Cuireadh pleananna ar bun chun tacú leis an rannpháirtí de thoradh ar na cruinnithe sin.

- **Grúpa Buachaillí Déardaoin**
  Trí chomhpháirtíocht le Foróige, cuireadh grúpa óige ar bun mar aitheantas ar an easpa seirbhísí do dhaoine óga in eastát tithíochta Mhic Uilliam. Ba é an aidhm ionad sóisialta a fhorbairt d'fhireannaigh óga. Ghlac 12 bhuachaillí idir 12-15 bliana d'aois páirt sa ghrúpa.

- **Ionaid Spórt Dhá Fheidhm**
  Tá na hionaid suite i mBaile Brigín, Baile Fiobail, Baile Phámar, Baile Choilín, Teach na Giúise agus Cill an Ardáin. Faightear cistiú le haghaidh na nIonad Spórt Dhá Fheidhm ó Pobal tríd an gClár Seirbhísí Pobail (CSP), ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Bhí baint ag 897,997 duine aonair leis na hIonaid Spóirt Dhá Fheidhm in 2019 agus bhain 253 grúpa pobail agus deonach leas as na saoráidí iontu. Cuireann Baile Phámar campaí spóirt bunaithe sa phobal ar fáil do leanaí ón bpobal áitiúil. Ritear na campaí sin le linn bristeacha lár téarma agus le linn an tsamhraidh agus freastalaíonn thart ar 40 duine óg orthu gach lá. Is bealach iontach iad chun dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil. Forbraíodh naisc láidre le CCÁCT agus leis an gComhpháirtíocht Spóirt. Ritheadh campa de chuid Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta i mbliana chomh maith, ina ndearnadh seisiúin blaiste a thairiscint do grúpa de 20 duine óg. Tá an tIonad Aclaíochta á ghlacadh ar cíos ag soláthraithe aclaíochta áitiúla agus cuireann siad cláir ar fáil ar rátaí pobail go háitiúil. Cuirtear cláir ar fáil do dhaoine óga atá ina ndaoine den Lucht Siúil agus dá

dteaghlaigh i gCill an Ardáin agus oibríonn siad i ndlúthchomhar leis an gClár Críochnaithe Scolaíochta. Dírítear go háirithe ar mhná óga atá ina ndaoine den Lucht Siúil a spreagadh chun a bheith rannpháirteach. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár 'Footfall for All' chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga faoi mhíchumais agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu. Tá ag éirí go maith leis an Ionad Aclaíochta do dhaoine scothaosta i dTeach na Giúise. Tá caidreamh bunaithe idir Baile Choilín agus na grúpaí míchumais áitiúla. Bíonn Ionad Tacaíochta Dóchas do Theaghlaigh i dteagmháil leis an ionad go seachtainiúil. Cuireann na hionaid taithí oibre luachmhar ar fáil do Tús agus CE. Osclaíodh creis pobail i mí Mheán Fómhair i dTeach na Giúise. Déantar imeacht spóirt mórscála agus imeachtaí idirnáisiúnta a óstáil i mBaile Fiobail i gcónaí. Deimhnítear le córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta EMS go bhfeidhmíonn sé ar an gcaighdeán is airde.

- **Sportivate (i gcomhar le CCÁCT)**
  Freastalaíonn an Clár SPORTIVATE (Baile Átha Cliath Theas) ar rannpháirtithe (fireann agus baineann) atá in aois idir 18 agus 25 bliana d'aois den chuid is mó, ó cheantar Chontae Bhaile Átha Cliath theas ar spéis leo briseadh isteach i dtionscal an spóirt i gcáil éigin, nó cur lena gcuid deiseanna oideachais. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi go leor gnéithe agus riachtanais den earnáil spóirt agus gheobhaidh siad na scileanna praiticiúla a bheidh ag teastáil uathu chun post a fháil sa tionscal nó chun deiseanna níos mó a thabhairt dóibh le dul ar aghaidh chuig breisoideachas. Bíonn an clár SPORTIVATE ar siúl in Ionad Pobail & Óige Ghort an tSrutháin agus in Ionad Fóillíochta Thamhlachta ar bhonn seachtainiúil.
  Tugtar deis do rannpháirtithe an chláir sin deimhniú a bhaint amach, i bhfoirm Dheimhniú QQI Leibhéal 4 i Spórt agus Áineasa 4M4966. Is é aidhm fhoriomlán an chláir a chur ar chumas an fhoghlaimeora an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht iomchuí a fhorbairt i raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa, comhthéacsanna agus comhshaoil ionas go mbeidís ábalta faoi mhaoirseacht dhíreach agus/nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint. Féadfaidh an foghlaimeoir 8 modúl cláir a bhaint amach chun 90 creidiúint a aimsiú don mhórdhámhachtain QQI ar leibhéal 4.

  <u>Líon na ndaltaí go dtí seo 2019</u>
  Eanáir – Bealtaine – chríochnaigh 6 daltaí Sportivate
  Bealtaine – Nollaig – tá 5 daltaí cláraithe le Sportivate faoi láthair

Clár Spóirt don Óige BOOÁCDL

- **Ceardlanna Samhraidh**
  Deartar iad sin go speisialta chun riachtanais spóirt na ngrúpaí uile a fhaigheann maoiniú ó BOOÁCDL a chomhlíonadh. Cuirtear tús le ceardlann spóirt an tsamhraidh go luath i mí an Mheithimh agus ritear é go dtí deireadh mhí Lúnasa. Is féidir leis na grúpaí go léir a fhaigheann maoiniú ó BOOÁCDL, agus cuid dár n-ionaid spóirt san áireamh, clárú chun leas a bhaint as an tseirbhís seo. Ritear na ceardlanna thar shliotáin 2-3 uair an chloig le haghaidh gach áirithinte. Cuimsítear leis na ceardlanna gníomhaíochtaí spóirt / seisiúin neartaithe foirne chun dúshláin a chur roimh dhaoine óga i spóirt agus gníomhaíochtaí éagsúla. Is bealach iontach é an soláthar spóirt chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú sa ghrúpa, agus cuireann sé feabhas ar ghnéithe beartacha / teicniúla d'fhorbairt an duine óig. Ghlac 19 ngrúpa páirt ann, le thart ar 220 duine óg san áireamh.

- **Sporting Pathways**
  Ritheadh an clár Sporting Pathways thar thréimhse 12 seachtaine agus bhí sé dírithe ar dhaoine óga a bhí tar éis an scoil a fhágáil agus/nó orthu siúd a bhí ar tí an scoil a fhágáil go luath. Ghlac 6 rannpháirtithe páirt ann ó Phobalscoil Chill an Ardáin. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh ar fáil bhí clár aclaíochta, marcaíocht ar chapall agus bainistiú stábla agus ailleadóireacht
- **Seoltóireacht**
  Ritheadh an clár seoltóireachta le linn na Cásca agus i rith an tsamhraidh. Bhí sé dírithe ar dhaoine óga ó cheantair faoi mhíbhuntáiste nach bhfaigheadh an deis chun taithí mar sin a fháil de ghnáth. Rinne BOOÁCDL an clár a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le KWETB. D'fhreastail 100 dalta ar an gclár seoltóireachta

le linn na Cásca agus d'fhreastail thart ar 800 dalta ar an gclár i rith an tsamhraidh. Ghlac 24 rannpháirtí páirt sa cháilíocht "Tús Eolais ar Sheoltóireacht".

- **Dúshlán don Aos Óg Gníomhach**
  Reáchtáladh an Dúshlán don Aos Óg Gníomhach thar thréimhse 14 seachtaine chun spreagadh a thabhairt do dhaoine óga a bheith páirteach i spórt agus gníomhaíocht choirp ar feadh 12 uair an chloig ar a laghad thar thréimhse 12 seachtaine. Chláraigh 385 duine óg a ghlac siad páirt sa dúshlán agus d'éirigh le 260 díobh é a chur i gcrích.
  Eagraíodh tráthnóna aitheantais chun na boinn, teastais agus dámhachtainí a bhronnadh ar na rannpháirtithe agus grúpaí rathúla.
- **Coláiste Pobail an Ghrífín – Lá Ionduchtúcháin**
  Cuireadh an seisiún aonair 3 uair an chloig sin ar siúl arna iarraidh sin ag Príomhoide na scoile agus ghlac 75 duine óg páirt ann. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh ann bhí cluichí comhair ghrúpa, ciorcaid aclaíochta, scipeáil i ngrúpa etc. Ba é aidhm an chláir go bhfaigheadh daltaí na chéad bhliana taithí ar an scoil agus go mbuailfidís lena chéile agus go mbeadh deis acu cairde nua a dhéanamh.
- **Tionscadal Pobail um Fhreagairt ar Andúil, Cill an Ardáin**
  Clár 6 seachtaine de spórt agus gníomhaíocht choirp. Bhí sé ar siúl in Ionad Pobail Chill an Ardáin agus d'fhreastail cúigear rannpháirtithe air.
- **Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta**
  Ba chlár corpacmhainne 4 seachtaine a bhí i gceist leis seo, a bhí ar siúl in Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta i dTamhlacht. Bhí an clár dírithe ar dhaoine óga a spreagadh chun gníomhaíocht choirp a dhéanamh. D'fhreastail 10 duine ar an gclár.
- **Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín**
  Clár 6 seachtaine de spórt agus gníomhaíocht choirp. D'fhreastail 12 duine óg ar na seisiúin. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh ann bhí ciorcad aclaíochta, cispheil, uni-hoc agus sacar oiriúnaithe.

Cláir a chuirtear ar fáil i gcomhar le gníomhaireachtaí eile

Crosscare
Lion na dtionscadal Crosscare atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (14)	Ráth an Dúin (8)	Tamhlacht (2)
Cluain Dolcáin (16)	Tuaisceart an Chontae (6)	

Foróige
Lion na dtionscadal Foróige atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Tamhlacht (9)	Baile Bhlainséir (12)	Tuaisceart an Chontae (3)

Tionscadail Neamhspleácha
I measc na dtionscadal neamhspleách tá YMCA agus réimse leathan tionscadail neamhspleácha phobail amhail Cill an Ardáin, Mullach Eadrad agus Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath.
Lion na dtionscadal neamhspleách atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (6)	Tamhlacht (8)	Cluain Dolcáin (6)
Baile Bhlainséir (3)	Tuaisceart an Chontae (2)	Ráth an Dúin (1)

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla
Líon na gclubanna óige de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (47)	Ráth an Dúin (25)	Tamhlacht (105)
Cluain Dolcáin (47)	Baile Bhlainséir (90)	Tuaisceart an Chontae (85)

11. An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta

Réamhrá

Tá an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ar fáil do scoláirí i Scoileanna Dara Leibhéal, Ionaid Ógtheagmhála agus earnálacha Breisoideachais a thagann faoin choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Cuirtear réimse leathan tacaí síceolaíochta ar fáil mar fhreagra ar iarrataí ó scoileanna agus ó ionaid. Ina theannta sin, tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach do bhaill foirne atá ag obair le BOOÁCDL. Ar leibhéal sistéamach, bíonn an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ag gabháil do thaighde, oiliúint agus tionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Raon feidhme

Cuirtear an tseirbhís ar fáil i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil. Bíonn idirghabhálacha na foirne dírithe ar na bearta seo a leanas:

- tacaíocht dhíreach agus tacaíocht indíreach a thabhairt do dhaltaí agus mic léinn
- réiteach a fháil ar na deacrachtaí atá ag daoine i dtaobh iompair, spreagtha, mothúchán agus cognaíochta, trí mheasúnú agus idirghabháil theiripeach
- obair choisctheach le spriocghrúpaí
- tacaíocht ghairmiúil don fhoireann teagaisc. m.sh, sainchomhairle
- oiliúint inseirbhíse i réimsí éagsúla
- tacaíocht do na baill foirne

Bearta Samplacha

Tháinig thart ar 1163 ball foirne i dteagmháil leis an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear sainchomhairle, oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht. Rinneadh plé le hiarratais a rinneadh ar an tSeirbhís maidir le tuairim is 431 dalta agus mac léinn trí idirghabhálacha aonair nó trí idirghabhálacha grúpa. Áiríodh leis an obair a rinne an tSeirbhís freisin comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha ar nós na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, FRIENDS Resilience, Hogan & Associates, NAYC, chomh maith le rannpháirtíocht sa tionscnamh *Connecting for Life*.

Samplaí dá bhfuil Bainte Amach

- Cuireadh bunoiliúint agus ardoiliúint sa Tástáil Chaighdeánaithe ar fáil do bhaill foirne
- Oiliúint shainiúil ar WIAT III, WRAT 5, agus CAT 4
- Freagairt do theagmhas criticiúil agus oiliúint lena n-áirítear Garchabhair Shíceolaíoch
- Dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais
- Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne mar éascaitheoirí faoin gclár FRIENDS Resilience
- Tacaíodh le cur chun feidhme chlár spriocdhírithe saibhriúcháin Feuerstein um fheabhsú cognaíoch
- Tionscnamh um Chleachtas Machnamhach curtha ar bun
- Tugadh tacaíocht do líonraí treoirchomhairleoirí, líonraí tacaíochta foghlama agus líonraí litearthachta, teanga agus uimhearthachta
- Oiliúint maidir le CAMS – Déileáil le féinmharú agus é a chosc
- Ionchuir Mheabhairshláinte do mhúinteoirí agus baill foirne riaracháin
- Cur i láthair do bhaill foirne agus scoláirí maidir leis an Imní agus na Meáin Shóisialta
- Oibriú le Baill Foirne lena n-áirítear comhairliúchán agus tacaíocht shíceolaíoch
- Sraith ceardlann inseirbhíse inar tugadh aghaidh ar ghnéithe éagsúla den riachtanas oideachais speisialta
- Oiliúint maidir le teorainneacha gairmiúla iomchuí sa chomhthéacs oideachais

12. Aguisíní

Aguisín A

Foireann Ardbhainistíochta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

An Fhoireann Ardbhainistíochta
Paddy Lavelle, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Paul McEvoy, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (mí Eanáir go dtí mí Lúnasa 2019)
Debbie Howlett, an Stiúrthóir Gníomhach Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha
Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna
Fionnuala Anderson, Stiúrthóir an Bhreisoideachais (mí Eanáir go dtí mí Lúnasa 2019)
Caitriona Murphy, Stiúrthóir an Bhreisoideachais (Mí Mheán Fómhair go dtí Mí na Nollag 2019)
Nichola Spokes, an Stiúrthóir Scoileanna (Mí Mheán Fómhair go dtí Mí na Nollag 2019)

Scoileanna Náisiúnta Pobail
Scoil Choilm
Scoil Chormaic
Scoil Ghráinne
P.S.N. Leamhcáin
Scoil Aoife
P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard
P.S.N. Ghleann na hAbhann

Coláistí Pobail Ainmnithe
Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha
Coláiste Cois Life
Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Theach na Giúise
Gaelcholáiste Reachrann
Coláiste Pobail na Gráinsí (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail an Ghrífín
Coláiste Pobail na Ciseoige
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Ghleanntán na hAbhann
Coláiste Pobail Chaoimhín (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Mhic Dara
Coláiste Pobail na Sceirí

Coláistí Pobail nach bhfuil Ainmnithe
Coláiste Pobail Bhaile Adaim
Coláiste Pobail Ard Giolláin
Coláiste Pobail Bhaile Brigín
Coláiste Chillian
Coláiste de hÍde
Coláiste Pobail Setanta

Coláiste Pobail Dhomhnach Bat
Coláiste Pobail Fhine Gall
Coláiste na nGlaschnoc (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Choill an Rí
Coláiste Pobail Leamhcáin
Coláiste Pobail Lusca
Coláiste Pobail Bhaile Lotrail
Coláiste Pobail Fhionáin
Coláiste Pobail Shoird

Scoileanna Speisialta
Scoil Speisialta Phobail Dhanu
Aonad Sainchúraim Scoile na Crannóige Nua
Aonad Sainchúraim Scoile Bhaile Uí Dhúda

Coláistí Breisoideachais IAT
Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe
Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire
Coláiste Breisoideachais Dhún Droma
Coláiste Breisoideachais an Naigín
Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

Ionaid Oideachais agus Oiliúna
Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin
Ionad Oiliúna Bhaile Dúill
Ionad Oiliúna Thamhlachta

Ionaid Choinneála
Ionad Oideachais Bhaile an Oibricigh

Seirbhísí Oideachais Aosaigh
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh
Baile Átha Cliath Thoir Theas
Baile Átha Cliath Thiar Theas

Ionaid Ógtheagmhála
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlainséir
Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin
Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin
Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta
Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin
Ionad Ógtheagmhála an Rois
An tIonad Spóirt Ógtheagmhála
Ionad Ógtheagmhála Shoird
Ionad Ógtheagmhála Thamhlachta
An tAonad um Thacaíocht agus Oiliúint don Ógra

Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhís Treorach d'Aosaigh
Oifigeach Forbartha Contae don Óige
Oifigeach Forbartha do FGL, TFO agus SDOG
Oifigeach Forbartha do Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)
Oifigeach Forbartha do Dhearbhú Cáilíochta (DC)
Oifigeach Forbartha do Thaighde agus Seirbhísí Litearthachta
An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
Comhordaitheoir Réigiúnach Seirbhísí Ógtheagmhála agus Ionad Oiliúna do Thaistealaithe.

Tá na sonraí ar fad faoi gach ceann de na nithe thuas le fáil ar láithreán gréasáin BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire: www.ddletb.ie

Aguisín B

Coistí an BOO
An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
An Coiste Óige agus Spórt
Coistí Ógtheagmhála

Aguisín C

Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún

Scoil Phobail Naomh Tiarnáin
Scoil Phobail Bhaile an tSaoir
Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh
Coláiste Pobail Aodháin
Scoil Phobail Chábán tSíle
Scoil Phobail Chúil Mhín
Scoil Phobail Thobar an Domhnaigh
Scoil Phobail Bhaile an Hartaigh
Scoil Phobail an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil
Scoil Phobail Chill an Ardáin
Scoil Phobail Chnoc Lín
Scoil Phobail Mhullach Íde
Scoil Phobail an tSeanbhábhúin
Scoil Phobail Bhaile Phámar
Scoil Phobail Phort Mearnóg
Scoil Phobail Mharcais
Scoil Phobail Thamhlachta

Scoileanna a bhfuil an POF ar a mBord

Aguisín D

Glacadh agus comhlíonadh an Chóid Rialachais

Leagtar amach an Cód Rialachais do BOOnna in Imlitir 02/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna chuig na BOOnna go léir i mí Eanáir 2019. Ghlac BOOÁCDL an Cód Rialachais 02/2019 ag a chruinniú an 26 Márta 2019. Sular glacadh an Cód Rialachais 02/2019 d'oibrigh BOOÁCDL faoin gCód Rialachais 18/2015. Deimhníonn an Bord gur oibrigh BOOÁCDL i gcomhréir leis an gCód Rialachais le haghaidh BOOnna.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2019. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire le linn 2019.

Aguisín E

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Éilítear ar an BOO le hAlt 51 den Acht sin na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á gcur i dtoll a chéile, éilítear ar an mBord:

(a) gnáthbheartais chuntasaíochta a fheidhmiú maidir le hullmhú ráitis airgeadais an BOO
(b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus míniú a thabhairt air

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil, a nochtfaidh, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Aguisín F

Dearbhú an Bhoird go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na ceanglais go léir is infheidhme agus á gcomhlíonadh

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas ar son Bhord Oideachais & Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019:

1. Go dtugtar léiriú iomchuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil.

2. Gur cuireadh an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh san áireamh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil.
3. Gur chloígh BOOÁCDL leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí;
4. Rinne an BOOÁCDL a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach a chomhlíonadh in 2019;
5. Ghlac an BOOÁCDL Plean Soláthair Chorparáidigh agus chuir sé i bhfeidhm mé; agus
6. Cuireadh Tuarascáil Chuimsitheach rúnda ó na Cathaoirligh faoi bhráid an Aire.

13. Giorrúcháin

CFM	An Clár Foghlama Malartaí
TFO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
MBCOFM	Measúnacht agus Bainistíocht Chomhoibríoch na Féinmharfachta
ARCC	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CP	Coláiste Pobail
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Clr	Comhairleoir
PSN	Scoil Náisiúnta Phobail
Co. Co.	Comhairle Contae
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPT	Comhcheangal Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
CSP	An Clár Seirbhísí Pobail
DEIS	Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
BOOÁCDL	Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
BO	Breisoideachas
BOaO	Breisoideachas agus Oiliúint
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide
DTOBA	Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
TLU	Teangacha, Litearthacht, Uimhearthacht
ÁNLA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
IAT	Iar-Ardteistiméireacht
STS	An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CCÁCT	Comhairle Contae Átha Cliath Theas
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
YMCA	Cumann Críostaí na bhFear Óg